Réamhaisnéis na hAimsire

Ceist 1 Bí ag obair leis an duine in aice leat.
Beidh tú ag féachaint ar réamhaisnéis na haimsire ar ball.

Cén chaoi a gcuireann an aimsir isteach ort go laethúil?

Cén séasúr is fearr leat? Cén fáth?

Ceist 2 Gan féachaint ar an tuairisc go fóill, déanaigí iarracht na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na téarmaí Béarla seo a leanas:-

Rotten, dirty, horrible_____
Showers_____
Blowing_____
Clouds_____
Low Pressure_____
Breezes_____
Munster_____
Temperature_____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don chéad uair agus freagair na ceisteanna seo thíos:

1. Cén chanúint réigiúnach atá ag an láithreoir? Uladh, Connacht nó Mumhan?
2. Cé na cúigí a bheidh na ceathanna éadroma iontu?
3. Cén sórt brú a bheidh i gceannas ar an aimsir amárach?
4. Cén teocht is ísle a bheidh ann thar oíche?
5. Cén teocht is airde a bheidh ann thar oíche?
6. Cén chaoi a mbeidh an fharraige?
7. Cén teocht is airde a bheidh ann amárach?

Ceist 4 Féach ar an léaráid thíos agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

1. Cén sórt aimsire a bheidh i nDún na nGall?
2. Cén sórt aimsire a bheidh i mBaile Átha Cliath?
3. An mbeidh sneachta i mBéal Feirste?
4. An mbeidh sé grianmhar i gCúige Mumhan?
5. Scríobh réamhaisnéis Chúige Uladh.

Ceist 5 "*ó thuaidh*"

Cén gné den ghramadach atá i gceist le "*ó thuaidh*".

Athscríobh agus ceartaigh na focail idir lúibíní más gá.

1. Bhí mé (i + teach) mó mhamó aréir.
2. Bhí an chailc (ar + bord) an mhúinteora.
3. Tá scioból againn (faoi + crann) sa ghairdín.
4. Léim sé (thar + geata) na scoile at a trí a chlog.
5. Rachaidh Peadar abhaile (ar an + bus).
6. Thit Liam anuas (ó + barr) an staighre.
7. Bhris mé a chos (leis an + camán)
8. Bhí buama (faoi + an + carr) ach níor phléasc sé.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad é do thuairim faoi 'téamh domhanda'?

An maith leat aeráid na hÉireann?

An raibh tú riamh i dtír an-te?

Ar mhaith leat maireachtáil i dtír an-te?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

Rotten, dirty, horrible_____Lofa, salach, gránna

Showers_____Ceathanna

Blowing_____Ag séideadh

Clouds_____Scamaill

Low Pressure_____Lagbhrú

Breezes_____Leoithne gaoithe

Munster_____Cúige Mumhan

Temperature_____Teocht

Ceist 3

1. Mumhan
2. Cúige Chonnacht agus Cúige Uladh.
3. Lagbhrú a bheidh i gceannas ar an aimsir amárach.
4. Cúig chéim Celsius an teocht is ísle a bheidh ann thar oíche.
5. Naoi gcéim Celsius an teocht is airde a bheidh ann thar oíche.
6. Beidh an fharraige réasúnta suaite.
7. Aon chéim déag Celsius an teocht is airde a bheidh ann amárach.

Ceist 4

1. Beidh sé scamallach agus grianmhar i nDún na nGall.
2. Beidh sé ag cur báistí le scamaill i mBaile Átha Cliath.
3. Ní bheidh sneachta i mBéal Feirste.
4. Ní bheidh grian ar bith i gCúige Mumhan.
5. Ní mór don scoláire cur síos a dhéanamh ar an aimsir atá sa phictiúir ag déanamh tagairt don tuaisceart, deisceart, iarthar agus oirthear.

Ceist 5

Is réamhfhocal simplí é ***ó*** agus leanann séimhiú é.

Athscríobh agus ceartaigh na focail idir lúibíní más gá.

1 Bhí mé **i dteach** mó mhamó aréir.

2 Bhí an chailc **ar bhord** an mhúinteora.

3 Tá scioból againn **faoi chrann** sa ghairdín.

4 Léim sé **thar gheata** na scoile at a trí a chlog.

5 Rachaidh Peadar abhaile **ar an mbus**.

6 Thit Liam anuas **ó bharr** an staighre.

7 Bhris mé a chos **leis an gcamán**.

8 Bhí buama **faoin gcarr** ach níor phléasc sé.

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Daithí Ó Sé

‘Sea, caithfidh muid súil an-tapa[1] anois arís ar an aimsir atá tuartha i gcomhair na hoíche anocht agus i gcomhair an lae amáraigh. Roimhe sin ar fad, bhí sé lofa, salach, gránna sa taobh seo tíre i mBaile na hAbhann inniu. Ceathanna troma báistí agus an ghaoth ag séideadh go láidir le crios aimsire ag bogadh soir trasna na tíre ansin[2] ó mhaidin agus é ag bogadh fós ansin le cósta an Oirthir isteach san oíche ach é ag glanadh go deas. Na scamaill briste go maith, ceathanna éadroma, sin uile, tuartha timpeall ar Chúige Chonnacht agus ó thuaidh i gCúige Uladh. Ceantar lagbhrú i gceannas na haimsire arís amárach, réasúnta scamallach ó cheann ceann na tíre, na scamaill ag briseadh agus an ghrian ag teacht amach i gcaitheamh an lae chomh maith. Cúpla scráib báistí, iad éadrom go maith, más ea, i gcaitheamh an lae amáraigh chomh maith.

Leoithne deasa gaoithe ag séideadh thar oíche anocht, an teocht idir cúig chéim agus naoi gcéim Celsius leis an fharraige réasúnta suaite le cósta an Iarthair. Arís amárach gan puinn gaoithe ag séideadh, leoithne, sin uile, amach ó chósta an Oirdheiscirt. An teocht is airde amárach thart ar aon chéim déag Celsius, ábhairín níos fuaire ansin istigh i lár na tíre. Ag a hocht a chlog ar maidin beidh sé go deas timpeall ar Chúige Mumhan, é go deas timpeall ar Chúige Laighean chomh maith. Fuar i mbolg na tíre, an teocht thart ar cheithre chéim Celsius. Ceathanna éadroma fánacha báistí i nDún na nGall ar dtús agus ansin ag bogadh soir trasna Chúige Uladh ansin isteach sa mhaidin. Ceathanna éadroma sa taobh seo tíre i gCúige Chonnacht chomh maith. Ceathanna troma gránna báistí inár dteannta Dé Céadaoin agus arís ansin Déardaoin, an ghaoth ag séideadh go láidir Dé Céadaoin, Déardaoin agus arís ansin ar an Aoine.

Sin a bhfuil ó thaobh na haimsire go fóill anseo ar TG4 ach fanaigí linn, Páidí inár dteannta le ‘Luach ár Linne’ agus é ag díriú isteach ar chúrsaí sláinte i ndiaidh na bhfógraí seo.

[1] Ana-thapa a deirtear sa mhír
[2] Ansan a deirtear sa mhír